



Coimisiún
na Meán

Airteagal 21 Réiteach Díospóide Lasmuigh den Chúirt

Treoir agus Foirm Iarratais

Dáta foilsithe:
19 Feabhra 2024



Clár Ábhar

Réamhrá	3
Treoir	4
Treoracha Iarratais	5
Foirm Iarratais agus Treoir	7
Cuid (1): Comhlacht agus Deimhniúchán an Iarrthóra	7
Cuid (2): Neamhchlaontacht, Neamhspleáchas	9
Cuid (3): Saineolas (Stiúrthóirí/Bainisteoirí Sinsearacha, Cinnteoirí Cáis)	13
Cuid (4): Éifeachtúlacht, Inrochtaineacht agus Trédhearcacht (Samhail um Réiteach Díospóide, Táillí, Teicneolaíocht & Tuairisciú)	16
Cuid (5): Cothroime (Cinnteoireacht & Rialacha Nóis Imeachta)	21
Cuid (6): Dearbhú	23
Aguisín 1 - Sceideal um Fhianaise Dhoiciméadach	24
Aguisín 2 – Liosta Réimsí d'Ábhar Mídhleathach	26



Réamhrá

Sainordaítear le hAirteagal 21 den Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (“**DSA**”) teidlíocht faighteoirí seirbhíse (“**faighteoir**” nó “**úsáideoir**”) lena n-áirítear daoine aonair agus eintitis chun aon chomhlacht deimhnithe um réiteach díospóide lasmuigh den chúirt (“**ODS**”) a roghnú chun díospóidí a bhaineann le cinntí modhnóireachta inneachair na n-ardán ar líne agus gearáin freisin a réiteach nár réitíodh trí mheán an chórais láimhseála gearán inmheánach ar ardán ar líne.

Sonraítear in Airteagal 20(1) cinntí an ardáin ar líne is féidir a tharchur chuig comhlacht ODS.

- (a), cinntí maidir le rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint anuas nó gan í a bhaint anuas, an rochtain ar an bhfaisnéis a dhíchumasú nó srian a chur le hinfheictheacht na faisnéise;
- (b), cinntí maidir le soláthar na seirbhíse a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh nó gan é sin a dhéanamh, ar an iomlán nó i bpáirt, do na faighteoirí;
- (c), cinntí maidir le cuntas na bhfaighteoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh nó gan é sin a dhéanamh;
- (d), cinntí maidir le cé acu ba cheart an cumas luach airgid a chur ar fhaisnéis arna soláthar ag na faighteoirí a chur ar fionraí, a fhoirceannadh nó a shrianadh ar bhealach eile nó gan é sin a dhéanamh.

Is féidir le faighteoirí leas a bhaint as an nós imeachta ODS ag aon chéim den phróiseas fiú i gcás nár thionscain siad achomharc inmheánach nó gur thionscain siad é, ach go bhfuil sé fós ar feitheamh (Airteagal 21(1)).¹ Ní shonraítear in Airteagal 21 teorainn ama chun an nós imeachta ODS a thionscnamh.

Ní mór do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (“**DSC**”) an Bhallstáit ina bhfuil na comhlachtaí bunaithe na comhlachtaí um réiteach díospóide lasmuigh den chúirt a dheimhniú, agus ba cheart go mbeadh an deimhniúchán sin bailí i ngach Ballstát. Chun a bheith deimhnithe, ní mór do chomhlachtaí iarrthóra a léiriú go gcomhlíonann siad na coinníollacha in Airteagal 21(3) den DSA (dá ngairfear na “**Coinníollacha Deimhniúcháin**” anseo feasta). Tá an próiseas iarratais faoi réir rialacha agus nósanna imeachta ábhartha an DSC a d’fhéadfadh a bheith i bhfeidhm.

Leis na Coinníollacha Deimhniúcháin, éilítear ar an gcomhlacht ODS an méid a leanas a léiriú:

- (a) *go bhfuil sé neamhchlaonta agus neamhspleách, lena n-áirítear neamhspleách ó thaobh airgeadais de, ar sholáthraithe ardán ar líne agus ar fhaighteoirí na seirbhíse arna soláthar ag soláthraithe ardán ar líne, lena n-áirítear daoine aonair nó eintitis a bhfuil fógraí tíolactha acu;*²
- (b) *go bhfuil an saineolas is gá aige i ndáil leis na saincheisteanna a thagann chun cinn i réimse amháin, nó i níos mó ná réimse amháin, d’inneachar neamhdhleathach, nó i ndáil le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú téarmaí agus coinníollacha de chineál amháin ardán ar líne, nó níos mó ná cineál amháin ardán ar líne, ag ceadú don chomhlacht cuidiú go héifeachtach le réiteach díospóide;*
- (c) *go ndéantar luach saothair a thabhairt dá chomhaltaí ar bhealach nach bhfuil nasctha le toradh an nós imeachta;*
- (d) *go bhfuil rochtain éasca ar an ODS a chuirtear ar fáil, trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí agus déantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht réiteach díospóide a thionscnamh agus doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur isteach ar líne;*

¹ I gcomhréir le réamhaithris 59: “Ba cheart go mbeadh faighteoirí na seirbhíse in ann rogha a dhéanamh idir an sásra inmheánach gearán, réiteach díospóide lasmuigh den chúirt agus an fhéidearthacht imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh ag céim ar bith.”

² In Réamhaithris 59 den DSA sonraítear nach mór do chomhlachtaí atá ag lorg deimhniúcháin agus na daoine nádúrtha a úsáideann siad chun cinntí a dhéanamh (“cinnteoirí”) a bheith neamhspleách agus neamhchlaonta.



- (e) go bhfuil sé ábalta díospóidí a réiteach ar bhealach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach agus i dteanga oifigiúil amháin de chuid institiúidí an Aontais ar a laghad;
- (f) go réitítear an díospóid i gcomhréir le rialacha nós imeachta soiléire agus cothroma atá inrochtana go héasca agus go poiblí, agus a chomhlíonann an dlí is infheidhme, lena n-áirítear an tAirteagal seo.

Tá an ceart rochtana ar an gcomhlacht deimhnithe ODS gan dochar do cheart an úsáideora caingean dlí a thionscnamh sna cúirteanna. Tá Airteagal 21 freisin gan dochar do Threoir 2013/11/AE³ agus nósanna imeachta malartacha um réiteach díospóidí agus comhlachtaí le haghaidh tomhaltóirí a bhunaítear faoin Treoir sin.

Treoir

D'fhorbair Coimisiún na Meán an Treoir seo, lena n-áirítear foirm iarratais, chun comhlachtaí ar spéis leo a chur ar an eolas faoina phróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta ina gcinntear má chomhlíonann comhlacht ar leith na Coinníollacha Deimhniúcháin a leagtar amach in Airteagal 21(3). Leis an Treoir, tacaítear le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach Choimisiún na Meán i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla.

Tá sé d'aidhm ag an Treoir cabhrú le comhlachtaí ODS (dá ngairfear “tú” anseo feasta) tuiscint a fháil ar a bhfuil ag teastáil ó do chomhlacht ODS don phróiseas deimhniúcháin agus do na hoibleagáidí leanúnacha a gcaithfidh tú leanúint dá gcomhlíonadh ar aon mar chomhlacht ODS deimhnithe faoi Airteagal 21.

Tá an Treoir bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, ar chomhairliúchán, ar bhailiú sonraí agus ar thaighde neamhspleách. Ní ionadaítear aon fhoráil reachtúil (forálacha reachtúla) leis an Treoir agus ní comhairle dlí í. Moltar duit do chomhairle dlí neamhspleách a fháil ar na forálacha reachtúla ábhartha. Déanfar athbhreithniú ar an treoir seo go tréimhsiúil, agus foilseofar aon athrú ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Meán.

Sa Treoir, roinntear na Coinníollacha Deimhniúcháin i gcúig chuid sa bhealach seo a leanas: (1) Faisnéis Ghinearálta; (2) Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas; (3) Saineolas; (4) Éifeachtúlacht, Rochtain & Trédhearcacht; agus (5) Cothroime (Cinnteoireacht agus Rialacha Nós Imeachta).

I **gCuid (1)** aithnítear an **faisnéis** a theastaíonn uainn uait chun d'iarratas a phróiseáil agus a bhreithniú, amhail ainm an chomhlachta ODS, seoladh oifigiúil agus, na réimsí saineolais agus an tréimhse a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar dheimhniú ina leith.

I **gCuid (2)** iarrtar faisnéis maidir le do chomhlacht ODS, a struchtúr eagraíochtúil, a **neamhchlaontacht agus neamhspleáchas** agus a **neamhspleáchas airgeadais**. Tá na hábhair sin ábhartha do mheasúnú Choimisiún na Meán ar na coinníollacha deimhniúcháin a leagtar amach in Airteagal 21(3)(a) agus (c).

I **gCuid (3)** díritear ar **shaineolas** do chomhlachta ODS agus ar na daoine a mbeidh sé de chúram orthu díospóidí a réiteach agus conas a chinnteoidh tú go gcoimeádfar agus go bhfeabhsófar an saineolas sin thar thréimhse an deimhniúcháin. Tá na hábhair sin ábhartha do mheasúnú Choimisiún na Meán ar na coinníollacha deimhniúcháin a leagtar amach in Airteagal 21(3)(b) and (e).

³ Ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32013L0011>



I gCuid (4) díritear ar do nós imeachta um réiteach díospóide agus samhail táillí beartaithe chomh maith leis na teicneolaíochtaí a úsáidfídh tú chun díospóidí a réiteach, mar shampla córais bhainistíochta cásanna. Iarrtar deimhnithe maidir le do chuid oibleagáidí tuairiscithe sa chuid sin freisin. Tá na hábhair sin ábhartha do mheasúnú Choimisiún na Meán ar na coinníollacha deimhniúcháin a leagtar amach in Airteagal 21(3)(d), (e) agus Airteagal 21(5).

I gCuid (5) díritear ar do chreat cinnteoireachta agus ar do Rialacha Nóis Imeachta agus ar an gcaoi a gcinnteoidh tú go bhfuil an creat, na rialacha agus na nósanna imeachta soiléir, cothrom, inrochtana go héasca agus go poiblí agus go gcomhlíonann siad an dlí is infheidhme i gcomhréir leis na coinníollacha deimhniúcháin a leagtar amach in Airteagal 21(3)(f).

San Aguisín, cuirtear Sceideal um Fhianaise Dhoiciméadach ar fáil nach mór a chur isteach leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe (más infheidhme).

Ar leathanach 7 den fhoirm iarratais tá liosta ceisteanna ann faoi gach cuid nach mór duit a fhreagairt. I ngach cuid, cuirtear treoir ar fáil freisin chun cabhrú leat a thuiscint cén fáth a bhfuil na ceisteanna sin á gcur againn. San Aguisín a ghabhann leis an Treoir seo, cuirimid Sceideal um Fhianaise Dhoiciméadach ar fáil ina sainaitheann taifid agus doiciméid a iarrtar ort a chur isteach chun na coinníollacha a chomhlíonadh agus/nó chun an fhaisnéis agus an léiriú a shonraigh tú i d'iarratas a fhíorú.

Tá tú freagrach as a thaispeáint go sásaíonn do chomhlacht ODS na Coinníollacha Deimhniúcháin agus ní mór duit an fhaisnéis go léir agus an fhianaise dhoiciméadach a shonraítear sa Treoir seo agus/nó a d'fhéadfadh Coimisiún na Meán a iarraidh níos déanaí a chur isteach. Tá sé tábhachtach go gcinntíonn tú go gcuirtear faisnéis iomlán agus chruinn ar fáil do na ceisteanna go léir chun aon mhoill ar an bpróiseas iarratais a sheachaint.

Tabharfaidh Coimisiún na Meán aird ar an bhfaisnéis a chuirtear isteach agus freisin ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó óna bhailiú neamhspleách faisnéise agus taighde a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun an fhaisnéis a chuir tú isteach ag an gcéim iarratais seo a fhíorú agus do mheasúnú leanúnach na gCoinníollacha Deimhniúcháin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcúinsí ina ndeimhnítear tar éis imscrúdaithe nach gcomhlíonann comhlacht na Coinníollacha Deimhniúcháin a thuilleadh, go gceanglaítear ar Choimisiún na Meán an deimhniúchán a chúlghairm.

Ba cheart iarratais chomhlánaithe nó aon fhiosrúchán nó iarraidh ar shoiléiriú maidir le hábhar na Treorach seo a sheoladh chuig outofcourtapplications@cnam.ie

Treoracha Iarratais

- **Iarratas comhlánaithe:** Cinntigh go dtugann tú faisnéis iomlán agus chruinn do na ceisteanna go léir a chuirtear agus cuir isteach aon fhianaise dhoiciméadach dá dtagraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo.
- **Faisnéis Bhreise:** D'fhéadfadh faisnéis bhreise agus/nó fianaise dhoiciméadach eile a bheith ag teastáil ó Choimisiún na Meán freisin tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar d'iarratas chun a mheas an gcomhlíonann tú na ceanglais chun deimhniúchán a fháil. Chomh maith leis an bhfianaise dhoiciméadach a shonraítear is féidir leat aon fhaisnéis eile a chur isteach lena dtugtar comhthéacs don fhaisnéis atá á tabhairt nó a thacaíonn leis na freagraí a thugtar.



- **Dearbhú:** Ba cheart go n-áirítear le d'iarratas Dearbhú sínithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a chomhionann, chun deimhniú go bhfuil an fhaisnéis atá san fhoirm iarratais agus san fhianaise dhoiciméadach fíor agus cruinn chomh fada agus is eol don duine sin.
- **Athruithe:** Ní mór duit aon imeacht nó athrú ar do chúinsí maidir le nó a bhaineann leis an bhfaisnéis agus/nó deimhnithe a roinn tú i d'iarratas tosaigh, agus ar bhraith Coimisiún na Meán chun measúnú a dhéanamh ar do chomhlíontacht leis na Coinníollacha Deimhniúcháin, a chur in iúl i scríbhinn, gan mhoill mhíchuí. **Tabhair do d'aire:** is oibleagáid leanúnach sin le linn thréimhse an deimhniúcháin.
- **Cinneadh:** Déanfaidh Coimisiún na Meán a dhícheall, laistigh de thrí mhí tar éis dó an fhaisnéis go léir a fháil a chuireann ar chumas Coimisiún na Meán an t-iarratas a phróiseáil, ceadú nó diúltú an deimhniúcháin a chur in iúl i scríbhinn. Tá an méid ama a shonraítear bunaithe ar iarratas iomlán a bheith faighte ag Coimisiún na Meán leis an bhfaisnéis riachtanach agus an fhianaise thacaíochta ar fad chun a chinneadh a dhéanamh ar dheimhniúcháin. Tabharfaidh Coimisiún na Meán ráiteas cúiseanna duit maidir le cén fáth ar faomhadh nó ar diúltaíodh d'iarratas ar dheimhniúcháin.
- **Foilsíú:** Déanfar an cinneadh chun comhlacht a dheimhniú agus an deimhniúcháin arna eisiúint ag Coimisiún na Meán a fhoilsíú ar a shuíomh gréasáin. Ceanglaítear ar Choimisiún na Meán an Coimisiún Eorpach a fhógairt maidir leis na comhlachtaí ODS atá deimhnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 21(3). Foilseoidh an Coimisiún Eorpach liosta de na comhlachtaí deimhnithe ar a shuíomh gréasáin freisin.
- **Faisnéis Faoi Rún agus Íogair ó thaobh na Tráchtála de:** Ní mór aon fhaisnéis a mheasann tú a bheith faoi rún agus/nó íogair ó thaobh tráchtála de a chur isteach in Aguisín Rúnda agus crostagairt shoiléir a dhéanamh ar na codanna ábhartha den Treoir seo. Ba cheart na fáthanna a measann tú go bhfuil an fhaisnéis faoi rún a leagan amach go soiléir.
- **Saoráil Faisnéise:** Féadfaidh daoine taifid atá i seilbh Choimisiún na Meán a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ("Acht FOI"). Le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, díolmhaítear taifid áirithe ina bhfuil faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de agus faisnéis rúnda eile ó fhoilsíú. Rachaidh Coimisiún na Meán i gcomhairle leat maidir le haon iarraidh a fhaightear sula ndéanfaidh sé cinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
- **Sonraí Pearsanta:** Tá Coimisiún na Meán d'oibleagáid agus tiomanta na sonraí pearsanta go léir a chuirtear isteach a chosaint de réir a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlí agus rialachán príobháideachais agus sonraí eile is infheidhme. Tá beartas foilsithe de chuid Choimisiún na Meánar fáil ag: [Coimisiún na Meán | Cosaint Sonraí \(cnam.ie\)](#) San fhógra seo, tá ainm agus sonraí teagmhála na ndaoine sonraithe, lena n-áirítear a seoltaí ríomhphoist, iarrtha ag Coimisiún na Meán. Is chun críche é sin atá sonraithe amháin a úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar.



Foirm Iarratais agus Treoir

Cuid (1): Comhlacht agus Deimhniúchán an Iarrthóra

Ainm Cláraithe agus Trádainm an Chomhlachta	Uimhir Chláraithe agus Uimhir Chuideachta
Cineál Comhlachta (poiblí, príobháideach)	Más rud é gur comhlacht poiblí é, faoi cén reacht a bunaíodh é? Más rud é gur comhlacht poiblí é, cén foirm dhlíthiúil atá aige?
Tabhair sonraí maidir le comhaltas an chomhlachta ODS.	
Seoladh na hoifige cláraithe agus na háite bunaithe/na cuideachta.	An bhfuil an comhlacht ODS ina chomhalta d'aon líonra d'eintitis ODS lena n-éascaítear réiteach díospóide a bhaineann le hardáin ar líne?
An soláthraíonn an comhlacht ODS seirbhísí eile (neamh-ODS) agus, má sholáthraíonn, an liostaíonn sé na seirbhísí sin agus an sonraíonn sé cé dó a gcuirtear ar fáil iad?	Duine teagmhála a bheidh i dteagmháil le Coimisiún na Meán maidir leis an iarratas seo.
	Ainm
	Post
	Ríomhphost
	Fón
	Seoladh Poist

Sonraí Deimhniúcháin

1.1	Cén tréimhse deimhniúcháin atá á lorg agat?	
1.2	Cuir tic le do réimsí saineolais:	
	a) Réimse amháin nó níos mó d'ábhar mídhleathach;	



	b) Feidhmiú agus forghníomhú téarmaí agus coinníollacha de chineál amháin nó níos mó d'ardáin ar líne (amhail áiteanna margaidh, líonraí sóisialta, ardáin um chomhroinnt ábhair, siopaí aipeanna, agus ardáin taistil agus lóistín ar líne.)	
	c) Sonraigh na cineálacha ardán ar líne.	
1.3	a) Sonraigh ar a laghad teanga oifigiúil amháin d'Institiúid de chuid an Aontais ina gcuirtear an nós imeachta ODS ar fáil. b) Liostaigh aon teanga eile ina mbeartaítear an nós imeachta ODS a chur ar fáil.	

Treoir

Leis an bhfaisnéis a iarrtar sa chuid seo cuidítear linn d'iarratas a phróiseáil ar bhealach tapa agus éifeachtach.

Is é 5 bliana an uastréimhse deimhniúcháin is féidir a iarraidh (de réir Airteagal 21.3 den DSA). Le hAirteagal 21(3) cumasaítear freisin an deimhniúchán a athnuachan ag deireadh na tréimhse seo faoi réir chomhlíonadh leanúnach na gCoinníollacha Deimhniúcháin go léir. D'fhéadfadh Coimisiún na Meán a mheas go bhfuil sé cuí deimhniú ar feadh tréimhsí níos giorra i gcásanna áirithe (bunaithe ar d'iarratas) agus féadfaidh tú tréimhse níos giorra a iarraidh freisin mar shampla má tá treoirtréimhse tosaigh beartaithe agat nó má tá sé beartaithe agat do shaineolas a leathnú thar am.

Ní mór duit leanúint de na coinníollacha deimhniúcháin agus na hoibleagáidí eile faoi Airteagal 21 a chomhlíonadh ar feadh na tréimhse deimhniúcháin ar fad.

Tabhair faoi deara: *Iarrtar sonraí breise maidir le réimsí saineolais an chomhlachta ODS, lena n-áirítear saineolas teanga i gcuid 3 thíos.*

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.



Cuid (2): Neamhchlaontacht, Neamhspleáchas

Eagraíocht, Stiúrtóirí/Bainisteoirí Sinsearach agus Daoine Aonair atá i gceannas ar dhíospóidí a réiteach

Treoir

Is bunphrionsabail d'aon nós imeachta um réiteach díospóide iad Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas na gcinnteoirí cáis. Déanfaidh Coimisiún na Meán measúnú iomlánaíoch ar neamhchlaontacht agus neamhspleáchas comhlachta ODS.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh Coimisiún na Meán struchtúr eagraíochtúil, neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus neamhspleáchas airgeadais an chomhlachta ODS agus na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta a chuirfidh tú i bhfeidhm chun an neamhchlaontacht agus an neamhspleáchas seo a chosaint.

2.1 Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas na nDaoine Aonair atá i gceannas ar dhíospóidí a réiteach (“Cinnteoírí Cáis”)

2.1.1	Cad é do phróiseas chun cinnteoirí cáis a cheapadh nó a sholáthar ⁴ e.g., conas is féidir le daoine aonair iarratas a dhéanamh le bheith ina gcinnteoirí, aon seiceáil cúlra/fíorúcháin a dhéanann tú agus cineál an chaidrimh dhlíthiúil a bheidh ag an gcomhlacht ODS le cinnteoirí cáis.
2.1.2	Mínigh do nósanna imeachta maidir le ceapachán, téarmaí oifige agus foirceannadh oifige na gcinnteoirí cáis. ⁵
2.1.3	Conas a chinnteoidh tú go bhfuil na cinnteoirí cáis a cheapfaidh tú neamhspleách ar ardáin ar líne agus ar fhaighteoírí a gcuid seirbhísí agus go bhfanfaidh siad amhlaidh ar feadh a dtéarma oifige? Conas a chinnteoidh tú gur féidir le cinnteoirí cáis tabhairt faoi chinnteoireacht ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil le haghaidh tréimhse a gceapacháin?
2.1.4	Céard iad na rialacha nó nósanna imeachta atá agat maidir le coinbhleachtaí leasa i leith fostaithe agus cinnteoirí cáis? ⁶

⁴ Is éard is cinnteoirí cáis ann ná daoine aonair atá i gceannas ar chinntí a dhéanamh maidir le roghnú, géarú agus réiteach na ndíospóidí a chuirtear faoi bhráid an chomhlachta.

⁵ Sa chás nach n-áirítear nósanna imeachta/rialacha den sórt sin le do Rialacha Nóis Imeachta.

⁶ Tá cóip de nósanna imeachta den sórt sin liostaithe sa Sceideal um Fhianaise Dhoiciméadach.



2.1.5	Conas a thabharfar luach saothair d'fhostaithe agus do chinnteoirí cáis (e.g., inathraithe, pá seasta, ar bhonn per diem, in aghaidh na díospóide a phróiseáiltear)?	
2.1.6	An bhfuil beartas luacha saothair agat d'fhostaithe agus do chinnteoirí cáis? Mínigh conas a chinnteoidh tú <u>nach</u> dtabharfar luach saothair do chinnteoirí cáis ar bhealach a bhfuil nasctha le toradh an nós imeachta ODS.	
2.1.7	<i>Sa chás go soláthraíonn an comhlacht ODS seirbhísí eile (neamh-ODS), conas a chinnteoidh tú nach féidir le soláthar agus maoiniú na seirbhísí sin tionchar a imirt ar neamhspleáchas nó neamhchlaontacht do chinnteoirí cáis?</i>	

Treoir

D'fhéadfadh próisis chomhlachtaí ODS chun **cinnteoirí cáis a cheapadh** a bheith éagsúil. Tá sé tábhachtach go dtuigimid (chomh maith le sonraí a sholáthar ar do shamhail um réiteach díospóide) conas atá sé beartaithe agat cinnteoirí cáis a cheapadh nó a fhostú agus na próisis a bheidh agat chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna, an saineolas, an neamhspleáchas agus an neamhchlaontacht riachtanach acu. Ba cheart go mbeadh próisis agus beartais shoiléire agat freisin lena bhforáiltear d'fhoirceannadh oifig chinnteoir cáis má tá cúiseanna bailí ann chun é sin a dhéanamh agus lena soiléirítear freisin na cúinsí inar féidir an oifig a fhoirceannadh.

Táimid ag súil go mbeidh próisis agus beartais shonracha, mhionsonraithe i bhfeidhm agat chun a chinntiú go bhfuil do chinnteoirí cáis neamhspleách ar ardáin ar líne agus ar fhaighteoirí a gcuid seirbhísí agus go dtabharfaidh siad faoi chásanna agus cinnteoireacht ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil ar feadh na tréimhse deimhniúcháin. I measc na samplaí de bheartais agus de nósanna imeachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá Rialacha maidir le Coinbhleachtaí Leasa, Rialacha ar Théarmaí Oifige, Cóid Iompair, (faoi mhionn) Dearbhuithe ó chinnteoirí cáis etc. Athróidh na beartais agus na nósanna imeachta sin idir comhlachtaí ODS.

I do bheartas nó rialacha maidir le **coinbhleachtaí leasa** don fhoireann, do chomhaltaí an Bhoird agus do chinnteoirí cáis, ba cheart go leagfaí amach bearta nach mór a dhéanamh agus an próiseas a leanfar i gcúinsí ina bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht chun cinn, mar shampla, trí éascú don duine aonair an choinbhleacht a fhógairt agus iad féin a aisghabháil ón ábhar sin.

Ceanglaítear le hAirteagal 21(3) nach mbeidh nasc idir luach saothair chomhaltaí an chomhlachta agus toradh an nós imeachta um réiteach díospóide. Mar sin ba cheart go mbeadh struchtúr na dtáillí neodrach agus nach mbeadh sé i bhfabhar aon toradh ar leith. Mar shampla, d'fhéadfadh an comhlacht ODS tuarastal bliantúil a íoc le comhaltaí nó le cinnteoirí cáis, nó féadfar ráta comhréidh a íoc leo in aghaidh na díospóide a réitítear beag beann ar a toradh.

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.



2.2 Neamhspleáchas Eagraíochtúil

2.2.1	An eintiteas é an comhlacht ODS i struchtúr grúpa cuideachta níos mó? Más ea, tabhair sonraí faoi chaidreamh an chomhlachta ODS le, nó a leasanna ⁷ in, aon ghnóthas eile.	
2.2.2	Liostaigh aon duine ⁸ a bhfuil leas rialaithe nó leas eile acu sa chomhlacht ODS, lena n-áirítear comhaltaí, scairshealbhóirí agus stiúrthóirí , ⁹ de réir mar is cuí.	
2.2.3	Céard iad na rialacha atá agat maidir le coimbhleachtaí leasa i measc scairshealbhóirí/comhaltaí agus stiúrthóirí?	
2.2.4	Maidir leis na comhaltaí, scairshealbhóirí agus stiúrthóirí uile sonraigh aon suim nó rannpháirtíocht eile ¹⁰ a bhfuil acu in eintitis eile.	

Treoir

Ní mór do chomhlachtaí ODS a bheith **neamhchlaonta agus neamhspleách ar ardáin ar líne agus ar fhaighteoirí seirbhísí lena n-áirítear daoine aonair nó eintitis a chuir fógraí isteach (Airteagal 21(2)(a)).**

Iarraimid faisnéis maidir le comhaltaí nó scairshealbhóirí (de réir mar is infheidhme) de do chomhlacht ODS toisc go bhfuil sé tábhachtach do Choimisiún na Meán a thuiscint cé leis an gcomhlacht ODS agus cé chomh mór agus atá an smacht nó an tionchar atá acu ar chinnteoireacht agus ar oibríochtaí an chomhlachta ODS.

Iarraimid freisin faisnéis faoi do Bhord Stiúrthóirí (nó a chomhionann) toisc go bhfuil sé tábhachtach do Choimisiún na Meán a thuiscint cé a dhéanann cinntí straitéiseacha don chomhlacht ODS agus an féidir cinntí den sórt sin a dhéanamh thar ceann duine eile (mar shampla scairshealbhóir sa chomhlacht ODS).

Tá sé tábhachtach go dtuigeann Coimisiún na Meán do chaidreamh foirmiúil agus neamhfoirmiúil, más ann dó, le daoine eile (idir dhaoine aonair agus eintitis) le measúnú a dhéanamh ar cé acu na socrúithe agus na rialuithe a chuir tú i bhfeidhm chun neamhspleáchas do chomhlachta ODS a chinntiú agus is iomchuí neamhchlaontacht a chinnteoireachta.

Mar an gcéanna, más comhlacht poiblí tú, tá sé tábhachtach go dtuigimid do chuspóirí dlíthiúla agus go gcinntimid nach bhfuil oibleagáidí ort a d'fhéadfadh tionchar a bheith agat ar do neamhspleáchas nó ar do neamhchlaontacht ó ardáin nó ó fhaighteoirí a gcuid seirbhísí.

⁷ Féadfaidh leasanna a bheith díreach nó indíreach agus is féidir go n-áirítear leo stiúrthóireachtaí ar, agus scairsheilbh (lena n-áirítear tairbhíúil) in, eintiteas eile.

⁸ Daoine aonair agus eintitis. I gcás ina sainithnítear eintitis mar scairshealbhóirí, féadfar sonraí faoi úinéireacht na n-eintiteas sin a iarraidh.

⁹ Tá cóip den scairchlár liostaithe sa Sceideal um Fhianaise Dhoiciméadach. Sa chás nach bhfuil scaireanna ag do chomhlacht ODS, ní mór sonraí na gcomhaltaí a thabhairt anseo.

¹⁰ Fostaíocht a chur san áireamh (lena n-áirítear mar chonraitheoir).



Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.

2.3 Neamhspleáchas Airgeadais an Chomhlachta

2.3.1	<p>Tabhair breac-chuntas dúinn ar an samhail mhaoinithe agus an straitéis airgeadais le haghaidh na gcostas socraithe agus oibriú leanúnach an nóis imeachta um réiteach díospóide thar thréimhse an deimhniúcháin. Ba chóir sonraí na bhfoinsí a leanas (nuair is infheidhme) a thabhairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Táillí ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil. (Nóta: iarrtar tuilleadh sonraí ar do shamhail táillí atá beartaithe i gcuid 4.2 thíos). • Maoiniú roimhe seo nó maoiniú leanúnach ó sholáthraithe ardán ar líne agus ó fhoinse sheachtrach maoinithe ar bith eile. • Maoiniú poiblí (ón Stát, AE, nó eile). • Scairchaipiteal agus infheisteoirí (nuair is infheidhme). • Foinsí eile. <p>Má chuimsítear meascán díobh sin thuas leis an tsamhail mhaoinithe, sonraigh na céatadáin agus cion gach foinse maoinithe do mhaoiniú an nóis imeachta ODS.</p>	
2.3.2	<p>Maidir le (a) maoiniú a fuarthas le linn na tréimhse 3 bliana roimh dháta an iarratais; agus (b) maoiniú a gheofar ar bhonn leanúnach ó fhoinsí seachtracha, tabhair na sonraí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Na daoine (daoine aonair agus eintitis) a chuir/a chuirfidh maoiniú ar fáil. - Aon socrú nó comhaontú maoinithe idir tú féin agus aon mhaoinitheoir seachtrach. 	
2.3.3	<p>An bhfuil beartais nó nósanna imeachta agat maidir le haon mhaoiniú seachtrach a fháil agus a úsáid?</p>	<p>Freagair TÁ nó NÍL thíos:</p>

Treoir

Áirítear le “neamhspleáchas” in Airteagal 21(3) neamhspleáchas airgeadais ó sholáthraithe ardán ar líne agus ó fhaighteoirí seirbhísí. Tá sé tábhachtach go dtuigimid conas a mhaoinithe an comhlacht ODS agus aon socrú agus rialú leanúnach atá i bhfeidhm agat maidir le maoiniú chun a chinntiú gur mar sin atá an cás.

Cuireann an DSA ar chumas comhlachtaí ODS cineálacha éagsúla samhlacha maoinithe a úsáid. Mar shampla, féadfar oibríocht an chomhlachta ODS a mhaoiniú go hiomlán leis na táillí a ghearrtar ar réiteach díospóide. D’fhéadfaí go mbeadh an comhlacht ODS ag fáil maoiniú poiblí freisin nó go mbeadh foinsí maoinithe éagsúla aige, lena n-áirítear maoiniú ó thríú páirtithe/eintitis. Sa chás deiridh sin, níor cheart go mbeadh aon spleáchas ar aon fhoinse mhaoinithe amháin a d’fhéadfadh coinbhleacht leasa a thosú nó



neamhspleáchas an chomhlachta nó neamhchlaontacht phróiseas cinnteoireachta an chomhlachta ODS a cheistiú. Táthar ag súil go mbeidh comhlachtaí ODS go hiomlán trédhearcach maidir lena bhfoinsí maoinithe.

Tabharfaidh Coimisiún na Meán aird ar shonraí na samhla maoinithe atá beartaithe mar shampla, éagsúlacht na bhfoinsí maoinithe; méid agus comhréir gach foinse maoinithe de réir iomláine riachtanais mhaoinithe an chomhlachta ODS; nádúr an mhaoinithe (aon uaire, leanúnach etc.); an caidreamh idir an comhlacht ODS agus aon mhaoinitheoir tríd páirtí; comhaontuithe nó socruithe maidir le haon mhaoiniú den sórt sin; beartais an chomhlachta ODS ar mhaoiniú etc. Is liosta neamh-uileghabhálach tosca é seo a d'fheadfaí a chur san áireamh ach déanfar gach iarratas a mheas maidir lena fhiúntais féin.

Tabharfaidh Coimisiún na Meán aird freisin ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil dó óna bhailitheoir faisnéise neamhspleách féin agus ó thaighde faoi mhaoinitheoirí tríd páirtí a aithníodh agus an caidreamh idir an comhlacht ODS agus na maoinitheoirí sin.

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.

Cuid (3): Saineolas (Stiúrthóirí/Bainisteoirí Sinsearacha, Cinnteoirí Cáis)

3.1	Cén taithí ábhartha a bhí ag do chomhlacht ODS roimhe seo maidir le rochtain ar sheirbhísí um r éiteach díospóide a sholáthar, nó a éascú?
3.2	Cad é an cúlra ginearálta, an saineolas , na cáilíochtaí , nó na deimhnithe , a bheidh ag teastáil uait ó bhainisteoirí sinsearacha agus ó ról stiúrthóra atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an tseirbhís um réiteach díospóide ODS atá beartaithe?

Ábhar Mídhleathach

3.3	Liostaigh na sainchatagóirí d'ábhar mídhleathach (ón liosta in Aguisín 2) a bhfuil saineolas ag an ODS orthu.
3.4	Déan cur síos ar an taithí , ar na cáilíochtaí nó ar na deimhnithe a bheidh ag teastáil uait ó na cinnteoirí cáis a réitíonn díospóidí a bhaineann le réimse amháin nó níos mó d'ábhar mídhleathach agus an oiliúint a chuirfidh tú ar na cinnteoirí cáis nuair a cheapfar iad agus/nó le linn a dtéarma oifige.
3.5	Sa chás go ndéanann painéal cinní ar dhíospóidí, mínigh conas a chinnteoidh tú go bhfuil an réimse saineolais riachtanach ag an bpainéal.



--	--

Téarmaí agus Coinníollacha

3.6	Deimhnigh go mbeidh feidhm ag an nós imeachta ODS maidir le gach ceann de na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis na cineálacha ardán a shainaithnítear i gCuid 1 agus murab amhlaidh an cás, mínigh le do thoil.
3.7	Déan cur síos ar an taithí , ar na cáilíochtaí nó ar na deimhnithe a bheidh ag teastáil uait ó na cinnteoirí cáis a réitíonn díospóidí a bhaineann le téarma agus coinníollacha de chineál amháin nó níos mó d'ardáin ar líne agus an oiliúint a chuirfidh tú ar na cinnteoirí cáis nuair a cheapfar iad agus/nó le linn a dtéarma oifige?
3.8	Liostaigh na critéir a chuirfidh tú i bhfeidhm agus tú ag cinneadh an bhfuil <u>cineál</u> ardáin ar líne laistigh de réimse saineolais do chomhlachta ODS.

Saineolas ábhartha eile

3.10	Sonraigh aon saineolas ábhartha eile atá agat a mheasann tú a thacaíonn nó a neartaíonn d'iarratas ar dheimhniúchán. Féach <i>Treoir</i> thíos.



Teanga/cha

3.11	Déan cur síos ar conas a sholáthróidh do chomhlacht ODS an nós imeachta um réiteach díospóide sa teanga/sna teangacha a aithnítear i gCuid 1 thuas (i.e. fostaithe a labhraíonn a dteanga dhúchais, seirbhísí aistriúcháin, fianaise maidir le scileanna teanga srl.)

Treoir

Cuidíonn tuiscint ar an gcomhlacht ODS agus aon stair atá aige maidir le rochtain ar sheirbhísí um réiteach díospóide a sholáthar nó a éascú linn chun a mheas an bhfuil an t-eolas institiúideach, an saineolas agus an taithí agat chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 21(3) a chomhlíonadh. Mar sin féin, más rud é gur bunaíodh an comhlacht ODS le déanaí nó mura bhfuil taithí roimhe seo aige ar dhíospóidí a réiteach ní gá go n-oibreoidh sin i do choinne. Sa chás seo d'fhéadfaimis níos mó béime a leagan ar chumais agus ar shaineolas do bhainisteoirí sinsearacha/stiúrthóirí sinsearacha a mheas agus nósanna imeachta chun cinnteoirí cáis a roghnú agus a oiliúint.

Sonraítear in Airteagal 21(3) dhá réimse **saineolais ar ábhar**: (i) catagóir amháin nó níos mó d'ábhar neamhdhleathach; nó (ii) téarmaí agus coinníollacha **cineál** amháin nó níos mó ardáin ar líne a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú; Sonraítear freisin saineolas **teanga** i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais Eorpaigh.

Tá liosta neamh-uileghabhálach d'ábhar mídhleathach (le príomhcheannteidil agus fo-cheannteidil) in Aguisín 2.

Ba cheart duit a bheith chomh soiléir agus is féidir nuair a thugann tú an fhaisnéis sin toisc go gcinntfidh sin raon feidhme na saincheisteanna a ndeimhneofar tú ina leith má ghlactar le d'iarratas. Cuirfead an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí freisin ar an Deimhniú arna eisiúint duit agus arna fhoilsiú ag Coimisiún na Meán agus suíomh gréasáin Choimisiún an AE.

Ba cheart duit a bheith in ann a léiriú go mbeidh an t-eolas, an saineolas agus na scileanna riachtanacha ag do chinnteoirí cáis maidir leis an gcineál/na cineálacha ábhair mhídhleathaigh (sin ábhar na díospóide) nó maidir le téarmaí agus coinníollacha cineál amháin nó níos mó ardán a bhfuil deimhniúchán á lorg agat ina leith agus saineolas ábhartha eile lena chinntiú gur féidir leo a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart go mbeadh taithí ag cinnteoirí cáis ar agus/nó oiliúint fhoirmiúil agus deimhnithe atá ábhartha chun díospóidí a réiteach (e.g. oiliúint chun díospóidí a réiteach) ionas go dtabharfaidh cinnteoirí cáis aghaidh ar chinnteoireacht ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil agus aird chuí á tabhairt ar chearta agus leasanna gach páirtí sa díospóid.

D'fhéadfadh go n-áireofaí le taithí ábhartha eile saineolas margaidh nó réigiúnach ionas go rachaidh cinnteoirí cáis i ngleic le cinnteoireacht le heolas agus saineolas ar chultúr tíre nó réigiúin chun an comhthéacs ábhair áitiúil a thuiscint de réir mar is gá. Coimisiún na Meán cuirfead measúnú ar an gcrítéar 'saineolais' ar an eolas freisin ag an tsamhail um réiteach díospóide atá beartaithe agat. Mar shampla, má bhaineann coiste nó painéal de chinnteoirí cáis le do shamhail oibriúcháin, beidh an réimse iomlán scileanna agus saineolais níos tábhachtaí ná an réimse taithí a d'fhéadfadh a bheith ag cinnteoir cáis aonair.

Is féidir leat faisnéis a sholáthar ar cháilíochtaí agus eolas na gcinnteoirí cáis, ar a stair oibre agus breac-chuntas a thabhairt ar an ról a bheidh acu i do nós imeachta um réiteach díospóide. Mura bhfuil daoine aonair sainaitheanta agat, caithfidh tú a bheith soiléir faoin gcaoi a bhfaighidh tú agus a gcoinneoidh tú an leibhéal agus an réimse saineolais atá riachtanach (e.g. painéal saineolaithe etc.) thar thréimhse an deimhniúcháin

Ba cheart sonraí aon oiliúna a luann tú (ar cheapachán nó ar bhonn leanúnach) a leagan amach agus d'fhéadfadh go n-éileodh Coimisiún na Meán sonraí faoi ghníomhaíocht oiliúna dá leithéid le bheith curtha san áireamh i do thuarascáil bhliantúil.



Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.

Cuid (4): Éifeachtúlacht, Inrochtaineacht agus Trédhearcacht (Samhail um Réiteach Díospóide, Táillí, Teicneolaíocht & Tuairisciú)

4.1. Nós Imeachta um Réiteach Díospóide

4.1.1	Tabhair sonraí maidir leis an nós imeachta um réiteach díospóide atá beartaithe agat, lena n-áirítear do chur chuige maidir le roghnú cásanna, triáiseáil, bainistíocht cásanna agus ardú céime trí thagairt do mheastacháin toirte agus do chastacht agus nádúr na gcásanna a chinnfidh tú.
4.1.2	Tabhair sonraí maidir leis na hacmhainní (e.g., foirne cáis, cinnteoirí cáis aonair nó cinnteoireacht choláisteach ag painéal saineolaithe), nósanna imeachta, teicneolaíocht agus córais (lena n-áirítear trí mhodhanna uathoibríocha) a úsáidtear chun nós imeachta inscálaithe um réiteach díospóide a chinntiú.
4.1.3	Conas a chinnteoidh tú go bhfuil an nós imeachta um réiteach díospóide a sholáthraíonn tú trédhearcach agus inrochtana go héasca?
4.1.4	<p>Cad é meánmhéid agus/nó uasmhéid na dtréimhsí ama a bhfuiltear ag súil a bhaint amach ó thús go deireadh an nós imeachta?</p> <p>Tabhair breac-chuntas ar na tréimhsí ama a bhfuiltear ag súil leo do gach príomhchéim sa nós imeachta um réiteach díospóide (mura leagtar sin amach i do Rialacha Nóis Imeachta).</p>



Treoir

Tacaíonn an DSA le comhlachtaí ODS trí úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla samhlaíochta um réiteach díospóide. Mar shampla, d'fhéadfadh roinnt comhlachtaí ODS boird inmheánacha nó coistí saineolaithe a úsáid agus d'fhéadfadh comhlachtaí eile díriú ar rochtain ar chinnteoirí cáis saineolaithe seachtracha a éascú. Féadfaidh an tsamhail leas a bhaint as gnéithe den idirghabháil, den eadráin etc. ach ní bheidh an toradh faoi Airteagal 21 ina chinneadh ceangailteach.

Cuirfidh an t-eolas a thugann tú ar chumas Coimisiún na Meán tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanfaidh tú cinneadh faoin díospóid agus conas is féidir le do shamhail oibriú ar bhealach freagrach, éifeachtach agus éifeachtúil thar thréimhse an deimhniúcháin.

Ní mór dúinn a thuiscint conas a áiríteoidh an nós imeachta um réiteach díospóide gur féidir leat díospóidí a réiteach go tapa agus go héifeachtach agus i gcomhréir leis na hamlínte dochta chun díospóidí a réiteach, a shonraítear in Airteagal 21.

Ní mór na cinntí a chur ar fáil do na páirtithe laistigh de thréimhse réasúnta tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an gearán a fháil. Go heisceachtúil amháin, i ndíospóidí an-chasta, is féidir an thréimhse a shíneadh go 180 lá (Airteagal 21(4)).

San fhaisnéis a sholáthraíonn tú faoi do shamhail, ba cheart a leagan amach go soiléir cé a bheidh páirteach sa chinnteoireacht (i.e. saineolaithe ábhair etc.) agus cé acu duine aonair, painéal de chinnteoirí cáis nó baill foirne lánaimseartha den chomhlacht a dhéanfaidh an cinneadh deiridh. Ina theannta sin, ba cheart duit do chórais agus nósanna imeachta um bhainistíocht cásanna nó géaraithe cáis a mhíniú chomh fada agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu seo ar an gcinneadh deiridh maidir leis an díospóid, mar shampla, conas a bhainisteofar agus a chinnfear incháilitheacht díospóide, triáiseáil agus géarú.

Sa chás go ndéanann painéal comhaltaí do shamhail um réiteach díospóide a scrúdú, ní mór duit a mhíniú conas a dhéanfar cinnteoireacht choláisteach (e.g. trí vótaí, comhdhearcaidh) agus ní mór ról an Chathaoirligh agus do fhreagraí ar chuid 3 thuas a léiriú conas a chinnteoidh tú go mbeidh an saineolas agus na scileanna riachtanacha ag baill an phainéil i dteannta a chéile.

Molaimid duit freisin aird a tharraingt ar aon chuntas teiste atá agat maidir le rochtain ar sheirbhísí réitithe díospóide a sholáthar nó a éascú.

Ba cheart duit freisin do chumas inscálaithe a mhíniú trí thagairt a dhéanamh d'acmhainní teicniúla, daonna agus airgeadais. Ní mór dóthain acmhainní a bheith ag an nós imeachta um réiteach díospóide lena chinntiú gur féidir díospóidí a imscrúdú agus a réiteach go cothrom, go héifeachtach agus go pras. Sa chás go mbaineann cumais uathoibríthe le do chóras bainistíochta cásanna, ba cheart duit a mhíniú ag na céimeanna sa nós imeachta a úsáidfear saineolas daonna.

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.

4.2 Samhail Táillí

4.2.1	An gcuirfear an nós imeachta ODS ar fáil saor in aisce d'fhaighteoirí seirbhísí ardáin ar líne, nó an ngearrfar táillí ainmniúla ar fhaighteoirí nó ar a gcomhlachtaí ionadaíochta?	
4.2.2	I gcás ina moltar táillí ainmniúla , sonraigh méid na dtáillí agus/nó conas a ríomhfar na táillí sin.	



4.2.3	<p>Déan cur síos ar an tsamhail táillí atá beartaithe le haghaidh ardáin ar líne (an ndéanfar táillí a shocrú nó a athrú i gcúinsí éagsúla agus leag amach na bunchritéir táillí ábhartha, i.e., leithdháileadh ama, castacht cásanna srl.) Leag amach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ríomh na gcostas de réir nós imeachta um réiteach díospóide; • Do mheánchostas in aghaidh an cháis; • Scála táillí/costas. 	
4.2.4	<p>Conas a chinnteoidh tú nach sáróidh na táillí a ghearrtar na costais a thabhaítear as an nós imeachta um réiteach díospóide a sholáthar (ba cheart na costais a shonrú go soiléir i do bhuiséid bhliantúla).</p>	
4.2.5	<p>Cén córas a úsáidfídh tú chun táillí a íoc (e.g., éarlais, imréiteach costais, táillí a choinnítear in eascró etc.)</p>	
4.2.6	<p>Cén córas a úsáidfídh tú chun táillí a aisíoc le faighteoirí nó a gcomhlachtaí ionadaíocha faoi Airteagal 21(5) agus conas a mheasúnóidh tú 'costais réasúnacha'?</p>	
4.2.7	<p>Sonraigh conas a bheidh tú trédhearcach agus soiléir faoi na critéir a úsáidfídh tú chun táillí a chinneadh agus na córais nó sásanna a úsáidfídh tú chun táillí a íoc agus a aisíoc.</p>	

Treoir

Féadfaidh comhlachtaí ODS **táillí** a ghearradh ar fhaighteoirí seirbhísí agus ardáin ar líne nuair a chuireann siad a gcuid seirbhísí ar fáil. Tá na táillí sin faoi réir roinnt ceanglas in Airteagal 21 den DSA a mhínítear tuilleadh in Réamhaithris 59. In Réamhaithris 59, tugtar dá haire gur cheart na táillí a ghearrtar a bheith réasúnach, inrochtana, tarraingteach agus neamhchostasach do thomhaltóirí agus comhréireach agus ba cheart iad a mheas de réir an cháis.

Ní mór do na táillí a ghearrann comhlachtaí ODS a bheith costéifeachtach. Téann struchtúir táillí atá éifeachtach ó thaobh costais chun tairbhe faighteoirí seirbhísí agus soláthraithe ardán ar líne agus áiríthíonn siad go bhfuil gníomhaíochtaí comhlachtaí ODS inbhuanaithe.

Ní mór duit do sheirbhís a sholáthar saor in aisce do dhaoine a fhaigheann seirbhísí nó gan ach táille ainmniúil a ghearradh.

Braithfidh an méid atá i gceist le táille ainmniúil ar roinnt tosca a bhaineann go sonrach le gach comhlacht ODS agus ar nádúr na díospóide. D'fhéadfadh táille ainmniúil a bheith ina méid seasta nó ina céatadán i gcoibhneas leis na costais iarbhír a thabhaíonn an comhlacht.



D'fhéadfadh an tsamhail táillí a fhostaíonn tú a bheith bunaithe ar mhúnlaí éagsúla mar shampla, d'fhéadfadh táillí a bheith srathach, ag brath ar nádúr agus castacht na díospóide, leithdháileadh ama srl. D'fhéadfadh táillí éagsúla a bheith i gceist ag brath ar an gcineál cáis agus ar an gcastacht a imreoidh tionchar ar an am agus an iarracht is gá chun an díospóid a réiteach.

Caithfidh na táillí a ghearrann tú ar ardáin ar líne a bheith réasúnta agus comhréireach. Ba cheart ríomh na dtáillí a bhunú ar chritéir chiallmhara oibiachtúla a bhfuil baint réasúnach acu le cineál agus méid na hoibre a bhaineann le réiteach aon díospóide ar leith. Níor cheart go mbeadh táillí a ghearrtar níos mó ná na costais a thabhaíonn tú go cuí agus go riachtanach chun do nós imeachta ODS a sholáthar (lena n-áirítear luach saothair na foirne agus na saineolaithe agus infheistíocht leanúnach sa tseirbhís).

Agus tú ag breithniú cibé an bhfuil na táillí a ghearrann tú oiriúnach, féadfaidh tú smaoineamh ar, inter alia, leasanna fhaighteoirí seirbhísí, ardáin ar líne, an ról a imríonn an comhlacht ODS maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach chuspóirí an DSA agus saintréithe aon díospóide ar leith a chinntiú.

Ba cheart duit iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil na táillí a ghearrann tú tarraingteach d'fhaighteoirí agus d'ardáin ar líne agus go bhfuil siad iomaíoch i gcomparáid le seirbhísí eile chun díospóid a réiteach. D'fhéadfá smaoineamh ar "teorainneacha" a ghearradh ar tháillí nó bearta eile a thabhairt isteach chun muinín na bpáirtithe a fheabhsú i luach na seirbhíse atá beartaithe agat a sholáthar.

Ba cheart duit a chinntiú go gcuirtear faisnéis iomlán agus chruinn ar fáil maidir le do shamhail táillí agus ní mór do bheartais agus córais maidir le híocaíocht agus aisíoc táillí agus measúnú speansas a bheith soiléir agus trédhearcach (mar shampla trí liosta de speansais cháilitheacha agus neamhcháilitheacha a fhoilsiú).

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.

4.3 Teicneolaíocht Chumarsáide Leictreonaí

4.3.1	Déan cur síos ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh feidhmiúlacht na teicneolaíochta cumarsáide leictreonaí atá beartaithe agat ceanglais Airteagal 21(3) (i.e. an nós imeachta a thionscnamh, uaslódáil doiciméad, fóram cumarsáide ar líne idir na páirtithe, slándáil etc.).
4.3.2	Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun a chinntiú go bhfuil an teicneolaíocht a úsáidtear so-úsáidte, inrochtana go héasca agus go dtacaíonn sé le nós imeachta ODS tapa, éifeachtach agus cost-éifeachtúil?



Treoir

Éilíonn an DSA go gcuirfeadh an nós imeachta ODS ar fáil trí theicneolaíocht chumarsáide leictreonaí atá inrochtana go héasca ar féidir é a úsáid chun réiteach díospóide a thionscnamh agus chun na doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur isteach ar líne.

Ba cheart go mbeadh comhéadan ar líne láidir, slán agus éasca le húsáid agat chun do sheirbhís a sholáthar. Táthar ag súil go ndéanfaidh an comhéadan am méid seo a leanas:

- Faisnéis maidir le d'eagraíocht a thabhairt;
- Eolas a chur ar fáil ar an nós imeachta ODS (lena n-áirítear do réimsí saineolais, teanga/teangacha, samhail táillí, rialacha nóis imeachta etc.);
- Seoladh iarratais tosaigh agus an fhaisnéis agus an fhianaise tacaíochta riachtanach ar líne a éascú;
- Tíolacadh slán agus/nó ar mhalartú faisnéise a éascú agus fianaise de réir mar is gá ó na páirtithe ag gach céim den nós imeachta um réiteach díospóide;
- Soláthar faisnéise a éascú, arna iarraidh ag na páirtithe, le faisnéis a bhaineann leis an nós imeachta um réiteach díospóide.
- Nasc chuig bunachar sonraí an CE a chur ar fáil.

Tá sé tábhachtach go mbeadh na Rialacha Nóis Imeachta agus gach faisnéis faoin gcomhlacht ODS agus a nós imeachta um réiteach díospóide ar fáil d'ardáin ar líne agus d'fhaighteoirí a gcuid seirbhísí roimh ré, chun a rogha comhlachta a chur ar an eolas.

Ba cheart **leagan aistriú** den chomhéadan a chur ar fáil i ngach ceann de na teangacha a luaigh tú i gCuid 1.

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannnteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.

4.4 Trédhearcacht, Tuairisciú agus Comhoibriú

4.4.1	Deimhnigh:	TÁ/NÍL
	(a) Tabharfaidh an suíomh gréasáin atá á chothabháil agat sonraí iomlána an chomhlachta ODS, a chomhaltaí, nós imeachta ODS, Rialacha Nóis Imeachta agus tuarascálacha bliantúla do Choimisiún na Meán.	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
	(b) Comhlíonfaidh tú an oibleagáid tuairiscithe bhliantúil san fhormáid atá sonraithe ag Coimisiún na Meán de réir Airteagal 21(4).	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
	(c) Comhoibreoidh tú agus malartóidh tú dea-chleachtas le comhaltaí eile díospóidí ODS maidir le díospóidí trasteorann a réiteach.	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
4.4.2	Tabhair sonraí faoi aon tuarascáil nó faisnéis atá beartaithe agat a fhoilsiú faoi do nós imeachta ODS de bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá agat faoi Airteagal 21(4) (lena n-áirítear do chinntí a fhoilsiú agus/nó faisnéis faoi rath nó teip ar thorthaí). Féach <i>Treoir</i> thíos.	



<p>Treoir</p> <p><i>Tá sé tábhachtach go mbeadh an fhaisnéis go léir a theastaíonn uathu ag ardáin ar líne agus ag faighteoirí a gcuid seirbhísí chun a rogha comhlachta ODS a chur ar an eolas. Ní mór go mbeadh rochtain éasca agus phoiblí ar shonraí do chomhlachta ODS, a réimsí saineolais, a nós imeachta um réiteach díospóide, a shamhail táillí agus a Rialacha Nóis Imeachta.</i></p> <p><i>Leagtar amach an fhaisnéis nach mór duit a sholáthar go bliantúil i do thuarascáil in Airteagal 21(4). Féadfaidh Coimisiún na Meán ábhar breise a shonrú a dtabharfar tuairisc orthu.</i></p> <p><i>Ba cheart go mbeadh trédhearcacht iomlán ann maidir le cinnteoireacht an chomhlachta ODS. Sa chuid seo, iarrtar ort sonraí a chur isteach maidir le haon bheartas nó togra maidir le foilsiú cinntí i.e. catagóirí cinntí a fhoilseofar, catagóirí nó faisnéis laistigh de chinntí a bheadh eisiata ó fhoilsiú (sonraí pearsanta etc.) agus/ nó aon tuarascáil bhreise atá beartaithe agat a fhoilsiú i dteannta leis an tuarascáil bhliantúil chuig Coimisiún na Meán mar a cheanglaítear faoi Airteagal 21(4).</i></p> <p><i>Sonraítear in Airteagal 21(2) na fáthanna a bhféadfadh ardán ar líne diúltú dul i dteagmháil le comhlacht ODS agus ba cheart an fhaisnéis sin, i gcás inarb infheidhme, a chur san áireamh freisin in aon tuarascáil a fhoilsiónn tú.</i></p> <p><i>Is é an tréimhse tuairiscithe ná Eanáir go Nollaig agus ní mór é a chur isteach chuig Coimisiún na Meán laistigh de 3 mhí ó dheireadh na bliana féilire roimhe sin. Ba cheart an chéad tuarascáil a chur isteach sna chéad trí mhí den bhliain tar éis an dáta ar tugadh faomhadh do do chomhlacht ODS.</i></p> <p><i>Sa chás go sonraíonn Coimisiún na Meán faisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i dtuarascáil bhliantúil cuirfidh sé fógra faoin gceanglas sin ar fáil.</i></p> <p><i>D'fhéadfadh go mbeadh eolas breise ag teastáil fút ó Choimisiún na Meán agus/nó gníomhaí de bhun an eolais a chuirtear ar fáil sa tuarascáil.</i></p>	

Cuid (5): Cothroime (Cinnteoireacht & Rialacha Nóis Imeachta)

5.1	Déan cur síos ar na nósanna imeachta a chuirfidh tú i bhfeidhm chun cinnteoireacht chóir a áirithiú. Féach <i>Treoir</i> thíos.
5.2	Mínigh an creat normatach (mar is infheidhme) a úsáidfídh tú le haghaidh cinnteoireacht ar dhíospóidí. Féach <i>Treoir</i> thíos.
5.3	Leag amach na rialacha nóis imeachta maidir leis an nós imeachta ODS a thairgfídh tú. Féach <i>Treoir</i> thíos.



5.4	Conas a chomhlíonfaidh do chomhlacht ODS an oibleagáid faoi Airt. 21(3)(f) a rialacha nóis imeachta a chur ar fáil go héasca agus go poiblí?
5.5	Deimhnigh go gcomhlíonann na rialacha nóis imeachta ar gach slí Airteagal 21 agus an dlí is infheidhme.

Treoir

Ba cheart go ndéanfaidh do **Rialacha Nóis Imeachta** (“Rialacha”) cur síos agus míniú cuimsitheach a dhéanamh ar na rialacha a úsáidfidh do chomhlacht ODS chun díospóidí a réiteach i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a fhorchuireann Airteagal 21 ar chomhlachtaí ODS agus ar na páirtithe atá ag gabháil don nós imeachta um réiteach díospóide.

Ceanglaítear le hAirteagal 21 ar na páirtithe gabháil de mheon macánta leis an nós imeachta ODS d’fhonn an díospóid a réiteach. Tá prionsabal na macántachta bunaithe i ndlí an Chomhphobail agus, sa chomhthéacs sin, forchuirtear oibleagáidí dearfacha iompair ar na páirtithe chun comhoibriú le próisis agus nósanna imeachta an chomhlachta ODS d’fhonn an díospóid a réiteach, mar shampla trí chomhoibriú leis na nósanna imeachta sin, próiseas bailithe fianaise, ag cloí le frámaí ama comhaontaithe agus ag staonadh go ginearálta ó iompar nó ó ghníomhartha a d’fhéadfadh bac a chur ar an bpróiseas ODS nó an bonn a bhaint astu. Áirítear leis mar sin urraim don phróiseas, comhar, macántacht agus firinneacht intinne, réasúntacht agus aird ar leasanna an pháirtí eile. Is minic a chuirtear meon macánta i láthair mar atoradh an choincheapa maidir le mí-úsáid próisis.

Ba cheart go leagfaí amach sna Rialacha na hoibleagáidí dearfacha atá ar na páirtithe atá ag gabháil don nós imeachta um réiteach díospóide agus na hiarmhairtí a bhaineann le mainneachtain agus/nó diúltú na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh na Rialacha soiléir agus cothrom do gach páirtí i ndíospóid agus aird chuí a thabhairt ar a gcearta agus a leasanna.

Déanfaidh Coimisiún na Meán measúnú iomlánaíoch ar chothroime na rialacha nóis imeachta atá beartaithe.

Tá liosta neamh-uileghabhálach de na hábhair ba cheart a áireamh sna Rialacha leagtha amach thíos:

Nósanna imeachta agus oibleagáidí gaolmhara ar an gcomhlacht agus ar na páirtithe maidir le:

- Ceanglais inghlacthachta díospóide (más ann dóibh).
- Rialacha rannpháirtíochta na bpáirtithe sa díospóid.
- Bailiú fianaise ag an gcomhlacht (aighneachtaí scríofa, uirill ó bhéal etc.).
- Cumarsáid idir an comhlacht agus na páirtithe agus (más infheidhme) idir na páirtithe.
- Rúndacht.
- Meastacháin ama don nós imeachta um réiteach díospóide agus don chinnteoireacht agus an pointe ag a cuirtear tús leis seo agus fógra faoi shíneadh beartaithe don tréimhse ama 90 lá.
- Samhail Táillí agus Sceideal Táillí, Costais agus Speansais (castacht an cháis, sás aisíocaíochta, speansais cháilitheacha agus neamhcháilitheacha)
- Cinnteoirí cáis a cheapadh agus a chur as oifig.
- Neamhchlaontacht agus neamhspleáchas na gcinnteoirí cáis agus rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa.
- Cearta na bpáirtithe (m.sh., an ceart comhairle neamhspleách a lorg nó ionadaíocht nó cúnaimh a fháil ó thríú páirtí ag aon chéim den nós imeachta; an ceart chun tarraingt siar ón nós imeachta ag céim ar bith má tá páirtí míshásta le feidhmiú an nós imeachta ODS; an ceart imeachtaí dlí a thionscnamh ag aon chéim den phróiseas).
- Forais chun an nós imeachta ODS a fhoirceannadh.
- Cothroime an phróisis cinnteoireachta agus an cinneadh deiridh (neamhcheangailteach).
- Tarscaoiltí.
- Iarmhairtí/iarmhairtí sárú rial nó rialacha ag páirtí.



Great Cinnteoireachta Normataí

Ba cheart duit na caighdeáin agus na noirm a rialóidh cinnteoireacht an chomhlachta ODS maidir le díospóidí a mhíniú i.e., cearta agus leasanna dlísteanaacha na bpáirtithe, ionstraimí dlí etc. Mar shampla, i gcás ina bhfuil comhlacht ODS ag réiteach díospóidí maidir le cur i bhfeidhm agus forghníomhú théarmaí agus choinníollacha cineál amháin nó níos mó d'ardán ar líne agus go mbaineann na téarmaí agus/nó coinníollacha seo le srianta ar úsáid na seirbhíse ardáin, ba cheart go n-áireofaí i gcreat cinnteoireachta normataí an chomhlachta ODS na cearta agus na saoirsí atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Is é an fáth atá leis sin ná go gceanglaítear le hAirteagal 14(4) den DSA ar ardáin ar líne aird a thabhairt ar chearta agus saoirsí den sórt sin agus iad ag cur i bhfeidhm agus ag forghníomhú srian ar bith maidir le húsáid a seirbhíse.

Cinnteoireacht Chóir

Ní mór do chinntí a bheith bunaithe ar fhianaise, a mhéid is féidir, agus aird a thabhairt ar phrionsabail an dlí, nós imeachta cothrom agus neamhchlaonta.

Ní mór tréimhse réasúnta ama a cheadú ag gach céim den phróiseas (i.e., chun go bhféadfaidh na páirtithe dul i dteagmháil lena chéile agus/nó leis an gcomhlacht ODS, trácht a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus an fhianaise a chuirtear i láthair, aighneachtaí a dhéanamh agus an cinneadh a bhreithniú agus an dteastaíonn uathu glacadh leis an rún atá molta). Ba chóir duit a mhíniú conas a bhainfead é seo amach, mar shampla trí chóip den dréachtchinneadh a sholáthar do gach páirtí le haghaidh tuairim deiridh, frithbheartaíocht fianaise srl.

Ba cheart ráiteas cúiseanna leis an gcinneadh (deiridh) a sholáthar do na páirtithe. Ba cheart go mbeadh an cinneadh soiléir agus inghníomhaithe gan deacracht shuntasach.

Leagtar amach liosta den fhianaise dhoiciméadach is féidir a iarraidh faoin gceannteideal seo sa Sceideal in Aguisín 1.

Cuid (6): Dearbhú

Tríd an Dearbhú seo a shíniú, dearbhaím:

Tugadh údarás dom ó [ainm an Chomhlachta] chun an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm iarratais seo a sholáthar.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis ar fad, lena n-áirítear ráitis fíricí a chuirtear ar fáil anseo agus in aon doiciméadú ag gabháil leis, fíor agus cruinn agus nár coinníodh aon fhaisnéis ábhartha siar.

Cuirfidh mé [ainm an Chomhlachta] Coimisiún na Meán ar an eolas láithreach má bhíonn athrú ábhartha ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil.

Ainm agus Teideal:	Sínithe:	Dáta:



Aguisín 1 - Sceideal um Fhianaise Dhoiciméadach

Cuid (1): FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Doiciméid dlí bhunaidh an chomhlachta ODS a thabhairt nó, más comhlacht poiblí thú, nasc chuig breac-chuntas na bhforálacha ábhartha den dlí lena mbunaítear an comhlacht ODS agus lena gcinntítear a chuspóirí.

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Deimhniú ar ionchorprú an chomhlachta ODS.*
- *Bunreacht an chomhlachta ODS.*
- *Sonraí oifig chláraithe na cuideachta.*

Cuid (2): NEAMHCHLAONTAUGHT AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

2.1 Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas na gCinnteoirí Cáis

- *Cóipeanna de bheartais nó de dhoiciméid eile chun a chinntiú go bhfuil cinnteoirí cáis a cheapann tú neamhspleách ar ardáin ar líne agus ar a bhfaighteoirí agus go ndéanfaidh siad cinntí go neamhchlaonta.*
- *Cóipeanna de rialacha nó nósanna imeachta maidir le téarmaí oifige na gcinnteoirí cáis, a gceapachán agus foirceannadh a gceapacháin lena n-áirithítear gur féidir leo oibriú go neamhspleách agus tabhairt faoi chinnteoireacht ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil le haghaidh tréimhse a gceapacháin.*
- *Teimpléad de chonradh fostaíochta nó de chomhaontú seirbhíse do chinnteoirí cáis.*

2.2 Neamhspleáchas Eagraíochtúil

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Cóip den Scairchlár / Clár Tráchtála.*
- *Comhaontuithe na Scairsealbhóirí.*
- *Comhaontuithe Comhpháirtíochta.*
- *Léiriú, i bhfoirm léaráide, den struchtúr grúpa corparáideach, i gcás grúpa cuideachtaí.*
- *Liosta de stiúrthóirí an Bhoird ina sonraítear má shuíonn stiúrthóir ar bith i gcáil ionadaí do scairsealbhóir sa chomhlacht.*
- *Rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa i leith stiúrthóirí, fostaithe, agus cinnteoirí cáis.*

2.3 Neamhspleáchas Airgeadais

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Mionnscríbhinn¹¹ poist stiúrthóra nó poist choibhéisigh ag fforú na bhfoinsí maoinithe agus nach bhfuil aon choinníollach ceangailte le socruithe maoinithe a mbeadh tionchar acu ar neamhspleáchas na gcomhlachtaí nó ar neamhchlaontacht a gcinntí.*
- *Litreacha gealltanais airgeadais ó thríú páirtithe (nuair is infheidhme).*
- *Ráitis airgeadais iniúchta don bhliain airgeadais roimhe sin.*
- *Buiséid bhliantúla agus ráitis bhrabúis agus chaillteanais le nótaí ar fhoinsí ioncaim a bhfuiltear ag súil leo (lena n-áirítear céannacht na maoinitheoirí) don chéad 2 bhliain oibríochta.*

¹¹ Ráiteas faoi mhionn



- Cóipeanna de chomhaontuithe idir an comhlacht agus maoinitheoirí seachtracha.
- Cóipeanna de bheartais, nós imeachta nó rialuithe eile an chomhlachta i ndáil le maoiniú seachtrach.

Cuid (3): SAINEOLAS

3.1 Saineolas na gCinnteoírí Comhlachta agus Cáis

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Beathaisnéisí nó curricula vitae chomhaltaí painéil/cinnteoírí cáis aitheanta.*
- *Sonraí na gcúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil nó a theastaíonn ó chinnteoirí cáis.*

Cuid (4): ÉIFEACHTÚLACHT, INROCHTAINÉACHT & TRÉDHEARCACHT

4.1. Nós Imeachta um Réiteach Díospóide:

Cuir an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- *Liosta na gcostas a chumhdófar leis na táillí a ghearrfar.*
- *Liosta de na speansais cháilitheacha agus neamhcháilitheacha a chaithfidh ardáin ar líne a aisíoc i gcás ina ndéanfar cinneadh i bhfabhar fhaighteoir na seirbhíse.*

Cuid (5): COTHROIME (Rialacha Nóis Imeachta)

Cuir an doiciméadacht seo a leanas ar fáil le do thoil:

- *Cóip de Rialacha Nóis Imeachta an chomhlachta.*



Aguisín 2 – Liosta Réimsí d’Ábhar Mídhleathach

D’fhorbair foghrúpa de Chomhordaitheoirí na Seirbhísí Digiteacha an liosta réimsí d’ábhar mídhleathach seo i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach chun cuidiú le forbairt cur chuige comhchuibhithe maidir le cur chun feidhme DSA.

Is liosta táscach amháin seachas uileghabhálach é. Léirítear sa liosta réimsí féideartha d’ábhar mídhleathach ar fud na mBallstát a bhféadfadh réimsí saineolais a bheith iontu do chomhlachtaí iarrthacha.

- **Cionta ainmhithe**
 - Díobháil ar ainmhithe
 - Ainmhithe a dhíol agus/nó fiadhúlra a smuigleáil go mídhleathach
 - Eile
- **Cosaint sonraí agus sárúithe príobháideachais**
 - Sárú ar shonraí bithmhéadracha
 - Áit phróiseála sonraí in easnamh
 - Sárúithe ar an gceart go ligfí i ndearmad
 - Brionnú sonraí
 - Sárúithe ar shonraí pearsanta RGCS eile
 - Eile
- **Caint mhídhleathach¹²**
 - Clúmhillleadh
 - Idirdealú
 - Fuathchaint
 - Bagairtí foréigin (amhail bagairtí báis)
 - Séanadh Uileloiscithe
 - Eile
- **Maoin intleachtúil agus sárúithe ar chearta tráchtála eile**
 - Sárú cóipchirt
 - Sárú dearaidh
 - Sárúithe ar chearta imeachtaí spóirt
 - Sárúithe tásca geografacha
 - Sárú paitinne
 - Sárú rúin ceirde
 - Sárú trádmailc
 - Táirgí bréige
 - Eile
- **Drochthionchar ar dhioscúrsa sibhialta nó toghcháin**
 - Ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis
 - Ionramháil faisnéise a bhfuil sé d’aidhm aici tionchar a imirt ar ionracas/toradh na dtoghchán
 - Eile
- **Iompar neamh-chomhthoiliúil**
 - Comhroinnt neamh-chomhthoiliúil d’íomhánna

¹² Lena n-áirítear gach cineál fuathchainte poiblí, beag beann ar mheán agus ar ábhar (i.e. íomhánna, físeáin, téacsanna, aithisc phoiblí, etc.).



- Ábhar neamh-chomhthoiliúil ina bhfuil domhainbhrionnú nó teicneolaíocht chomhchosúil a bhaineann úsáid as gnéithe tríú páirtí
- Docsáil (faisnéis inaitheanta phearsanta maidir le duine a sholáthar go poiblí)
- Eile
- **Maistíneacht/imeaglú ar líne**
 - Stalcaireacht
 - Gnéaschiapadh
 - Eile
- **Pornagrafaíocht nó ábhar gnéasach**
 - Mí-úsáid gnéis íomhá-bhunaithe (lena n-áirítear ábhar ina léirítear mionaoisigh)
 - Éigniú agus foréigean eile bunaithe ar ghnéas (léiriú ar éigniú agus gríosú chun éignithe)
 - Eile
- **Cion ar mhionaoisigh**
 - Mainneachtain srianta aois-shonracha maidir le mionaoisigh a chur chun feidhme
 - Pornagrafaíocht leanaí/Ábhar maidir le mí-úsáid gnéis leanaí
 - Mealltóireacht/mealladh gnéasach mionaoiseach
 - Dúshlán mhí-shábháilte
 - Eile
- **Riosca don tslándáil phoiblí**
 - Cion atá contúirteach do shábháilteacht an phobail a spreagadh nó a ghríosú.
 - Eagraíochtaí mídhleathacha
 - Riosca go ndéanfar damáiste don comhshaol
 - Riosca don tsláinte phoiblí
 - Ábhar sceimhlitheoireachta
 - Eile
- **Camscéimeanna agus/nó calaóis**
 - Bréagchuntais
 - Liostaí bréige
 - Athbhreithnithe úsáideora bréige
 - Pearsanú nó fuadach cuntais
 - Fioscaireacht
 - Scéimeanna pirimide
 - Eile
- **Gríosú chun féindochair**
 - Ábhar ina gcuirtear neamhoird iteacháin chun cinn
 - Gríosú chun féinchorraithe
 - Gríosú chun féinmharaithe
 - Eile
- **Raon feidhme mídhleathach rochtana ar an ardán/ábhar**
 - Mainneachtain srianta aois-shonracha a chur chun feidhme seachas iad siúd a bhaineann le mionaoisigh
 - Ceanglais thíreolaíocha mídhleathacha
 - Mainneachtain ceanglais teangacha a chomhlíonadh
 - Srianta rochtana idirdhealaitheacha eile
 - Eile
- **Táirgí mí-shábháilte agus/nó mídhleathacha**
 - Easpa faisnéise ar thrádálaithe
 - Tairiscint mídhleathach earraí agus seirbhísí rialaithe (eg. sláinte)
 - Díoladh táirgí neamhchomhlíonta (eg. bréagáin chontúirteacha)
 - Gáinneáil ar airm agus drugaí mídhleathacha
 - Cleachtais mídhleathacha faoin dlí um chosaint tomhaltóirí
 - Bogearraí mailíseacha agus bogearraí éirice
 - Eile



- **Foréigean**
 - Díobháil chomhordaithe
 - Foréigean ar bhonn inscne
 - Dúshaothrú an duine
 - Gáinneáil ar dhaoine
 - Eile

